

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta – Tuairisc na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta – 4 Meitheamh 2019

Tugtar léargas thíos ar an obair atá idir lámha agus beartaithe ag an Roinn chun tacú go díreach nó go tánaisteach le cur i bhfeidhm rathúil an pholasaí. Baineann an léargas seo le raon bearta a thagann faoi scáth an **Chláir Tacaíochtaí Pobail agus Teanga** de chuid na Roinne (fomhír C3 na Roinne) agus an Phróisis Pleanála Teanga (fomhír C10 na Roinne) araon.

Is i gcomhthéacs chur chun feidhme **Plean Gníomhaíochta 2018-2022** an Rialtais don Ghaeilge a d'fhoilsigh an Roinn i mí Meitheamh 2018 atá na bearta thíosluaite á gcur i bhfeidhm.

Ní miste a lua chomh maith, ar bhonn ginearálta, go raibh trí chruinniú go dtí seo ag an gcoiste stiúrtha atá bunaithe faoi chathaoirleacht na Roinne seo, chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta 2018-2022. Tá ionadaíocht ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, chomh maith leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar ndóigh ar an gcoiste seo. I gcomhréir le cinneadh an Rialtais ina leith, tá i gceist go bhfoilseofar tuairisc bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta – a bhfuil dlúthbhaint ag an bpolasaí don oideachas Gaeltachta leis – tar éis an tuairisc sin a bheith leagtha os comhair an Rialtais.

Na Luathbhlianta

Cúnamh caipitil

I gcomhréir le beart 3.12 den phlean faoinar tugadh le tuiscint go ndéanfar an leibhéal uasta maoinithe caipitil atáthar a sholáthar do thograí luathbhlianta faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga a mhéadú, tá dhá iarratas ar chúnamh caipitil á bhreithniú ag an Roinn faoi láthair i dtreo iad a cheadú go han-luath. Tuigtear go mbeidh iarratais eile á gcur faoi bhráid na Roinne go luath.

Coiste Stiúrtha DCYA

I gcomhréir le beart 3.10 den phlean tá coiste stiúrtha bunaithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) - a bhfuil ionadaithe ó Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, chomh maith leis na príomhpháirtithe leasmhara air, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú plean cuimsitheach a chur le chéile don earnáil luathoideachais Gaeilge.

Tionóladh an chéad chruinniú den choiste – atá ag feidhmiú faoi chathaoirleacht na Roinne sin, le gairid agus tá i gceist go mbeidh an dara chruinniú den choiste go luath. Glactar leis go mbeidh DCYA in ann tuairisciú a dhéanamh faoin dul chun cinn in am trátha.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta - Beart 2.11, 3.1 & 3.2

Chun treisiú tuilleadh a dhéanamh ar an earnáil luathoideachais Ghaeilge sa Ghaeltacht tá maoiniú €1,260,000 curtha ar fáil ag an Roinn do CNNG chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích thar thréimhse na scoilbhliana 2018/19, 2019/20 agus 2020/21:

- 8 seirbhís bhreise a ghlacadh ar lámh in 2018/2019, 6 seirbhísí bhreise in 2019/2020 agus 6 sheirbhís breise in 2020/2021 (20 in iomlán);

- Riaradh a dhéanamh ar Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) thar cheann na Roinne seo;
- Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do 15 seirbhís in 2018/2019 nach bhfuil ag feidhmiú as Gaeilge chun úsáid na Gaeilge a spreagadh ina seirbhís agus é seo a mhéadú go 30 in 2019/2020 agus suas go 40 in 2020/2021, ag brath ar an líon seirbhísí nach bhfeidhmíonn as Gaeilge atá lonnaithe sa Gaeltacht;
- Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus nasc a chothú leis na bunscoileanna Gaeltachta.

Ní miste a lua chomh maith go gcuireann Údarás na Gaeltachta maoiniú bliantúil de €535,000 ar fáil do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta chun a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Tá i gceist cruinniú a ghairm go luath leis an Údarás agus le CNNG chun cur i bhfeidhm an chláir thuasluaite a phlé.

Tuismitheoirí na Gaeltachta – Beart 2,11

Chuir an Roinn allúntas suas le €1,027,613 ar fáil do Thuismitheoirí na Gaeltachta thar tréimhse 3 bliana in 2018 chun leathnú a dhéanamh ar an raon tacaíochtaí a sholáthraíonn siad do theaghligh atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó ar mian leo sin a dhéanamh, agus go háirithe chun freastal ar na riachtanais a thagann chun cinn i gceantair phleanála teanga Ghaeltachta.

Cé go mbeidh an clár oibre seo dírithe ar theaghligh le páistí ag aois réamhscoile ar an gcéad dul síos, aithnítear go mbeifear in ann an clár a fhorbairt go céimiúil le go mbeidh sé mar thaca do theaghligh Ghaeltachta le páistí ag aois bhunscoile chomh maith.

Beidh cur i bhfeidhm an chláir thuasluaite mar ábhar plé idir an Roinn agus an eagraíocht go luath – mar chuid den ghnáth monatóireacht.

Cuairteoirí Baile

Tá an Roinn faoi láthair ag lorg tairiscintí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an togra *Tús Maith* atá á reáchtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ó dheas le cúnamh na Roinne. Bunaíodh an tionscnamh TÚS Maith sa bhliain 2005 chun tacú le tuismitheoirí i nGaeltacht Chorca Dhuibhne a bhí ag tógáil a pháistí le Gaeilge, nó ar theastaigh uathu sin a dhéanamh. Is ar ghníomhaíochtaí a shuibhríonn na deiseanna saibhrithe/sealbhaithe teanga go príomha, lena n-áirítear Grúpaí Súgartha, Cuairteanna Baile &rl atá an togra dírithe in éindí le cuairt bhaile.

Tá beartaithe tús a chur leis an taighde go luath.

Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Gaeltachta

Scéim na gCúntóirí Teanga (Beart 2.17)

Tá súil ag an Roinn an t-athbhreithniú faoi Scéim na gCúntóirí Teanga - a bhfuil bailchríoch á chur air faoi láthair, a chur faoi bhráid an Aire Stáit le faomhadh go gairid. Ag eascairt as tháta na tuairisce tá an Roinn ag cíoradh na bhféidearthachtaí faoi láthair na bearta a imreoidh an tionchar is suntasaí ar fheidhmiú bisiúil na scéime a chur sa tsiúil – le feidhm ó thuas na scoilbhliana 2019/2020.

Ach cead an Aire Stáit a bheith iarrtha agus faighte tá i gceist roinnt bearta a fhógairt chomh luath is féidir i gcomhar leis na páirtithe leasmhara atá bainteach leis an scéim a

sheachadadh thar ceann na Roinne sa chaoi is gur féidir cúram a dhéanamh de na socruithe ullmhúcháin.

Ionad Oideachais agus Óige – Clár Tacaíochtaí Pobail & Teanga

Tá an Roinn - i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta, ag breathnú ar na féidearthachtaí faoi láthair maoiniú a chur ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar dhá Ionad Oideachais agus Óige, ceann in Indreabhán agus ceann i nGaoth Dobhair. Samhlaítear gurb é an chéad chéim sa phróiseas staidéar féidearthachta a dhéanamh i leith an dá ionad (Beart 2.21).

Córas na gColáistí Gaeilge (Beart 2.13, 2.15 agus 2.19)

D'fhógair an RCOG le déanaí, go bhfuil ciste nua ar fiú €250,000 é bunaithe faoina dtabharfar an deis do mhic léinn tríú leibhéal cur fúthu ar feadh trí mhí le teaghlaigh Ghaeltachta fad is atá siad ag freastal ar chúrsa cáilithe tríú leibhéal ar feadh simeatár iomlán. Is le teaghlaigh atá cáilithe faoi Scéim na bhfoghlaimoirí Gaeilge de chuid na Roinne a bheidh an fóirdheontas iníoctha. Is ionann an cúnamh seo fóirdheontas ar fiú suas le €1,428 é in aghaidh an mhic léinn a bheidh iníoctha leis na teaghlaigh a chuireann lóistín ar fáil.

Beidh an tréimhse tumtha teanga trí mhí dírithe ar mhic léinn tríú leibhéal:

- a bhfuil an Ghaeilge mar chroí-ábhar acu ina gclár léinn Ollscoile, (B.A. sa Ghaeilge nó B.Comm le Gaeilge mar shampla) nó:
- nach í an Ghaeilge an croí-ábhar léinn atá acu ach a bhfuil ard-inniúlacht sa Ghaeilge de dhíth orthu le feidhmiú i ngairmeacha, sa tseirbhís phoiblí ach go háirithe, atá criticiúil lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar phobal na Gaeilge trí Ghaeilge.

D'fhógair RCOG le déanaí chomh maith Ciste Scoláireachta ar fiú €50,000 é chun go mbeidh deis ag suas le 50 scoláire - atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna DEIS - in ann freastal ar choláistí Gaeilge le linn an tsamhraidh. Seo an chéad uair a leithéid de scéim a bheith ar fáil do scoláirí iar-bhunscoileanna DEIS. Beidh an ciste scoláireachta seo á riar ag Bord Oideachais agus Oilíúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC) go náisiúnta i gcomhar leis an Roinn.

Mar thaca breise don earnáil ní miste a lua chomh maith go bhfuil sé i gceist ag an Roinn teagmháil a dhéanamh go luath le lucht stiúrtha na gcoláistí samhraidh chun a chur ar a shúile an cúnamh caipitil atá in ann a bheith curtha ar fáil chun tacú leis an earnáil sin (Beart 2.15)

An Próiseas Pleanála Teanga

Ag an bpointe ama seo tá pleananna teanga ceadaithe agus tús á chur lena bhfeidhmiú i 14 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta den 26 ceantar Gaeltachta ar fad atá ann. Faoi 2020, beidh gach ceantar i mbun pleananna a chur i bhfeidhm. Tá 11 Oifigeach Pleanála Teanga agus triúr Oifigigh Cúnta fostaithe sa Ghaeltacht faoi láthair chun na pleananna a chur i bhfeidhm.

Ar mhaithe le tacú leis na scoileanna nár roghnaigh a bheith páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta tugadh d'eagraigh an Roinn i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta sraith cruinnithe eolais i mí Márta sna trí LPT is mó a bhí ábhartha, eadhon Maigh Cuilinn, ceantair Iorrais agus ceantar na Rosa.

Le ceapadh oifigigh pleanála teanga de réir a chéile faoin bpróiseas, aithnítear go gcuirfead go suntasach leis na deiseanna a bheidh ann an córas bunoidreachais agus iarbhunoidreachais sa Ghaeltacht a bheith níos lárnaí fós i gcur i bhfeidhm an phróisis ar bhonn comhpháirtíochta.

Mar thaca do chur i bhfeidhm an phróisis ceadófar go luath an t-allúntas airgid a bheidh ar fáil don Údarás agus don Fhoras araon don phróiseas.

Clár na n-ealaíon traidisiúnta

Ceadaíodh deontas suas le €325,000 d'Ealaín na Gaeltachta Teo. don scoilbhliain 2018/19 chun clár gníomhaíochtaí sna healaíona traidisiúnta atá dírithe den chuid is mó ar aos óg na Gaeltachta a chur chun cinn. Tá iarratas ar mhaoiniú trí bliana ón eagraíocht á mheas ag an Roinn faoi láthair agus táthar ag súil le clár comhaontaithe oibre agus maoinithe a fhógairt go luath.

Ní call a rá go n-aithnítear go gcabhróidh an clár oibre thuasluaite le cuspóirí an pholasaí agus an phróisis araon.

Staidéar ar an earnáil i gcomhar le Clár Éire Ildánach

I gcomhréir le beart 5.47 den Phlean Gníomhaíochta faoina dtugtar le tuiscint go ndéanfar Straitéis chomhtháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, an Chomhairle Ealaíon agus TG4, tá an Roinn ar tí coimisiúnú a dhéanamh ar thogra taighde faoin ábhar i gcomhar le páirtithe leasmhara. Déanfar é seo a fhógairt go luath.

Beidh an straitéis dírithe:

- ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge
- ar na caidrimh i measc na bpáirtithe leasmhara a threisiú tuilleadh
- ar phróifíl na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

- ar dheiseanna a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár oibre iomlán atá ar bun ag an Roinn i gcomhar le páirtithe leasmhara mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge – a bhfuil an polasaí don oideachas Gaeltachta agus an próiseas pleanála teanga mar chuid lárnach de, ar fáil ag an nasc a leanas:

<https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/20-year-strategy-for-the-irish-language-2010-2030/>

Bealtaine 2019